

Uimhir chláraithe 414351

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

FAISNÉIS FAOIN GCUIDEACHTA

Stiúrthóirí

John McCafferty (Cathaoirleach)
Robert Matthew Armstong (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Ciara Breathnach
Lindsey Earner-Byrne (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Liam Chambers
Marie Coleman (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Sandra Collins
Peter Crooks (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Elaine Farrell (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Patrick Geoghegan
David William Hayton
Niamh Howlin (ceaptha ar an 29 Iúil 2021)
Thomas Alvin Jackson
Elva Johnston
Mary Ann Lyons
Kate Manning
Orlaith McBride
Hiram Morgan
Nicola Morris
Michael Willis

**Rúnaí
cuideachta**

Cathy Hayes

**Uimhir
chláraithe**

414351

Oifig chláraithe

45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

**Iniúcháirí
neamhspleácha**

Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe
84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

CLÁR NA NÁBHAR

	Leathanach
Ráiteas an Chathaoirligh	4 - 5
Tuarascáil na Stiúrthóirí	6 - 14
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách	15 - 17
Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais	18
An Clár Comhardaithe	19
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	20
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	21 - 28

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Tíolacann an cathaoirleach a ráiteas don tréimhse.

Ionchorpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (IMC), a bhunaigh W. T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, i mí Dheireadh Fómhair 1928, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006.

Ó bunaíodh an Coimisiún, ba é a phríomh-shainchúram foinsí príomhúla a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn — atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach — ar mhaithe le startha agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Ina Phlean Forbartha Straitéisí reatha, a chlúdaíonn an tréimhse idir 2018—2022, d’athdhearbhaigh an Coimisiún an aidhm a bhí aige comhairle a chur ar an Rialtas a bheadh mar bhonn le beartas a bhaineann le cúram agus caomhnú ábhar foinsí príomhúla atá riachtanach chun an saol a caitheadh in Éirinn a thuiscint agus chun stair na tíre a scríobh.

Bhí éifeachtaí phaindéim COVID-19 fós le brath in 2021 agus cuireadh dianghlasáil Leibhéal 5 i bhfeidhm idir an 1 Eanáir agus an 10 Bealtaine, tráth ar cuireadh tús leis an bpróiseas mall a bhain leis na srianta a mhaolú. Don dara bliain as a chéile, reáchtáladh Cruinniú Cinn Bhliana IMC ar ardán cruinnithe fhíorúil agus is mar sin a reáchtáladh gnáthchruinnithe an Choimisiúin agus cuid de chruinnithe a choistí. Tráth scríofa na tuarascála seo táimid ar tí go leor de na srianta a bhaineann le hócáidí faoi dhíon a mhaolú agus táim ag súil go mór leis an gcéad chruinniú den Choimisiún a eagrú le dhá bhliain anuas a mbeidh cead ag daoine freastal air, agus an deis a thapú ag an gcruinniú sin chun fáilte chearta a chur roimh na baill nua a ceapadh i mí Iúil (féach thíos faoi Rialachas). Bhí an cur isteach ar thacaíocht riaracháin agus ar ghníomhaíocht foilsitheoireachta a tharla mar gheall ar an bpaindéim in 2020 fós le tabhairt faoi deara don chuid is mó de 2021 agus ainneoin gur leanadh ar aghaidh ag obair ar roinnt tionscadal foilsitheoireachta suntasach, ní raibh ach tionscadal amháin seolta chuig an gclódóir faoin 17 Nollaig, tionscadal a bhfuil dáta foilsithe in 2022 luaite leis chun críocha oibríochtúla (féach thíos faoi Gníomhaíochtaí — Foilseacháin).

I rith 2021 rinneadh forbairtí suntasacha ar an tionscadal comhoibritheach atá dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar thaifid tarrtháilte neamhoscailte a bhain le scríosadh PROI sa bhliain 1922. Comhfhreagraíonn an obair seo do Chéim II den tionscadal ar cuireadh tús leis in 2017. Bhí Cartlannaí Liostála, urraithe ag IMC, i mbun oibre idir Aibreán agus Samhain i gcomhar le NAI agus leis an tionscadal *Beyond 2022*. Ar leithligh, agus mar chuid dá rannpháirtíocht croí-chomhpháirtí in *Beyond 2022*, i rith 2021, chuir IMC breis is 60 alt aonair óna chartlann dhigiteach dá shraithfhoilseachán *Analecta Hibernica* ar fáil do *Beyond 2022* le cur áireamh san athchruthú fíorúil de thaisclann PROI. Tá tuilleadh cur síos déanta ar na forbairtí a rinneadh i ndáil le tionscadal taifead tarrtháilte 1922 agus *Beyond 2022* le fáil faoin rannóg Gníomhaíochtaí thíos.

In 2021 ghlac IMC páirt, don dara huair, i bhFéile Staire Bhaile Átha Cliath a reáchtáil Leabharlann & Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath faoin téama ‘Iarracht shuntasach: Seoda stair na hÉireann ó sheilfeanna Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann’. Arís eile, mar gheall ar an bpaindéim, b’éigean imeachtaí a reáchtáil ar líne agus foilsíodh 12 láithreoireacht i bhfoirm gearrfhíseáin ar líne i rith mhí Mheán Fómhair agus i rith mhí Dheireadh Fómhair; bhí staraithe agus acadóirí eile ag labhairt faoi na heagráin de IMC is fearr leo. Gné thábhachtach de rannpháirtíocht phoiblí IMC é nasc a chruthú leis an bpobal agus sainchúram agus obair an Choimisiúin a mhíniú agus táim buíoch de na daoine ar fad a ghlac páirt san fhiontar seo ar forbraíodh sraith spéisiúil gearrscannán dá bharr: an Dr Coleman Dennehy, an tOllamh David Dickson, an tOllamh Sarah Prescott, an Dr Elva Johnston, an Dr Neil Johnston, an tOllamh David Hayton agus an tOllamh Patrick Geoghegan agus foireann *Beyond 2022* (an Dr Peter Crooks, an Dr Paul Dryburgh, an Dr Elizabeth Biggs agus an Dr Lynn Gilgannon). Ainneoin go raibh daoine áirithe in ann teacht chomh fada le IMC chun a n-ionchur a thaifeadadh, thaifead daoine eile an méid a bhí le rá acu sa bhaile agus táim fíorbhuíoch díobh. Is féidir níos mó faoin bhFéile Staire a léamh sa rannóg Gníomhaíochtaí thíos.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Tá ionadaíocht ag IMC fós ar choiste stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (IAR — www.iar.ie), seirbhís ar líne saor in aisce a chuireann ar chumas cartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí, de réir ISAD(G), a uaslódáil ar thairseach ghréasáin. Is féidir le húsáideoirí thairseach IAR bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach in go leor taisclann dhifriúil. Tá tionchar IAR ag forbairt trína sheirbhís ghréasáin agus cainéil meán sóisialta, agus trí na pacáí acmhainní oideachais freisin (*The present duty of Irish women* (2015) agus *Pledge ourselves and our people* (2017)) atá bunaithe ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostaithe ar a thairseach ghréasáin. I rith 2021 leanadh leis an obair a bhain le suíomh gréasáin IAR a nuashonrú agus cur le líon na mbailiúcháin atá le fáil ar an tairseach.

Tá fostaí buan amháin ag IMC, riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes, agus is mian liom buíochas a ghabháil léi as an obair atá déanta aici agus as an díograis atá léirithe aici ó ceapadh í sa bhliain 2006, ní áirím an méid a rinne sí in 2021.

Mar fhocal scoir, is mian liom a shoiléiriú arís nach bhfaigheann baill IMC aon luach saothair le haghaidh obair riachtanach a dhéanamh a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seirbhíse seo do scoláireacht agus don stát ag leanúint ar aghaidh ó bunaíodh an Coimisiúin sa bhliain 1928.

Ainm John McCafferty

 Cathaoirleach

Dáta An 4 Márta 2022

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Tíolacann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

Ráiteas freagrachtaí stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 'An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear Ráiteas um Chleachtas Molta Carthanas (FRS 102)).

Faoin dlí cuideachtaí, níor cheart do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar dháta deiridh na bliana airgeadais, ar bharrachas nó ar easnamh don bhliain airgeadais sin agus go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014, á chomhlíonadh.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus aird a thabhairt ar an éifeacht agus ar na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann nó go gcuirfidh siad faoi deara na Cuideachta taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Cuideachta, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, lena gcumasaítear a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014, á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais agus ag Tuarascáil na Stiúrthóirí agus lena chumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le cur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara sa reachtaíocht a bhfuil ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais á rialú aici i bPoblacht na hÉireann i gcomparáid leis an reachtaíocht i ndlísiní eile.

Príomhghníomhaíocht

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (IMC) foinsí príomhúla lámhscríbhinne a bhaineann le stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i bhfoirm clóite agus ar líne. Ní bheadh na foinsí seo á bhfoilsiú murach an obair atá á déanamh ag IMC de bhrí nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh tráchtála. Mar chomhlacht poiblí, tá IMC ag feidhmiú mar chomhairleoir don rialtas freisin, nuair is gá, maidir le nithe a bhaineann le foinsí príomhúla go ginearálta agus tacaíonn sé le feachtas phoiblí agus institiúideach i ndáil le tábhacht na bhfoinsí príomhúla.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Athbhreithniú Gnó

Ar aon dul lena phlean forbartha straitéisí is déanaí, lean IMC ag obair ar a phríomhchuspóir a bhaineann le foilsíú foinsí príomhúla agus tacú le feachtas ar, agus rochtain ar, ábhair foinsí príomhúla a bhaineann le startha, cultúr agus oidhreacht na hÉireann agus pobal na hÉireann. I rith 2021, chuir IMC leis na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh aige ar mhaithe lena thosaíochtaí straitéiseacha mar fhoilsitheoir, comhpháirtí comhoibríoch, sainchomhairleoir, eagraíocht atá ag tacú le haird a tharraingt ar an ngá atá le foinsí príomhúla a chaomhnú, mar aon le tacú le agus úsáid a bhaint as digitiú. Tá sé seo ar fad déanta aige trí chur leis an gcomhoibriú le tionscadal *Beyond 2022*, teagmháil leanúnach le rannóg na dTaifead Gnó sa Chartlann Náisiúnta agus leis an obair a bhain le ballraíocht a bhaint amach i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann.

Forbairt Amach Anseo

Leanfaidh IMC lena chuid acmhainní a úsáid chun foinsí príomhúla lámhscríbhíne a fhoilsíú. Chomh maith leis sin, leanfaidh sé ag tacú le caomhnú foinsí príomhúla ó gach tréimhse, agus go háirithe — trína Choiste Feachtas um Chaomhnú agus Rochtain (PAAC) — chun aird an phobail a tharraingt ar an riachtanas a bhaineann le páipéir agus comhfhreagrú comhaimseartha a chaomhnú; amach anseo beidh na taifid seo in úsáid mar fhoinsí príomhúla ag staraithe atá ag díriú ar an 21^ú haois.

Ar aon dul lena shainchúram seirbhíse poiblí, bainfidh IMC tairbhe as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun aird a tharraingt air, trína shuíomh gréasáin agus tairseacha oidhreacht cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha oiriúnacha, agus eagrán leictreonacha dá shaothair atá fós i gcló a chur ar fáil. Cuirfear foilseacháin IMC nach bhfuil i gcló níos mó ar fáil saor in aisce ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, trína shuíomh gréasáin féin agus trí thaisclanna oiriúnacha eile cosúil le DRI agus taisce fhíorúil taifead *Beyond 2022*.

Cruthaítear sa phlean forbartha straitéisí cúig bliana creat soiléir do IMC chun a thosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus a sheirbhísí a sholáthar de réir phríomhchuspóir a Bhunreacht agus tabharfar aird chúil ar chaighdeán arda rialachais agus chuntasachta ar mhaithe le gach páirtí leasmhar IMC.

Príomhríosaí agus éiginnteachtaí

Is iad na príomhríosaí agus éiginnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhíne na hÉireann maoiniú a fháil go leanúnach ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. In 2021 bhí buiséad bliantúil IMC cosúil leis an mbuiséad a cuireadh ar fáil in 2011 agus ainneoin go bhfuiltear ag súil go mbeidh buiséad mar seo le fáil amach anseo, is meabhrú é an deich mbliana de laghdú buiséid a tugadh faoi deara roimhe seo go bhfuil maoiniú leordhóthanach i mbaol i gcónaí chomh fada is a bhaineann le seirbhísí a chothabháil agus a chinntiú nach mbíonn an maoiniú níos ísle ná na costais iarbhír.

Gníomhaíochtaí

Foilseacháin

I dtreo dheireadh 2021, athchlódh leagan móréilimh ó 2014 faoi chlúdach bog agus seoladh téacs *Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland*, curtha in eagar ag Brian Gurrin, Kerby A. Miller agus Liam Kennedy chuig an gclódóir.

Campaign journals of the Elizabethan Irish wars

Is éard atá san eagrán seo, curtha in eagar ag David Edwards agus a foilsíodh faoi chlúdach cruá den chéad uair in 2014, 19 ndialann ó fheachtais mhíleata a tharla in Éirinn nuair a bhí Eilís I i réim. Sna dialanna tá oibríochtaí míleata de chuid fhórsaí na corónach sna cheithre chúige, ar talamh agus ar muir, taifeadta.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Clúdaítear gach gné den trodaíocht iontu, lena n-áirítear an t-ullmhúchán roimh ré agus an toradh mallaithe, agus faightear léargas ar leith iontu ar Choncas na dTúdarach in Éirinn agus an tionchar a bhí aige ar na daoine a bhí páirteach ann. Atáirgtear na foinsí doiciméadacha tábhachtacha seo ina n-iomláine, agus is fianaise iad ar an tábhacht a bhain le coimeád taifead in intinn cheannasaithe Eilís, agus ar an ról lárnach a bhí ag saighdiúireacht ina mbraistint phearsanta agus ina ról sa stair. Tugann an t-athchló seo faoi chlúdach bog deis do go leor daoine a bhí á lorg le blianta beaga anuas an deis a thapú agus cóip dá gcuid féin a fháil. Tá beagnach gach cóip díolta arís ó cuireadh an t-athchló ar fáil i lár mhí na Nollag.

Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland

Cuirtear i láthair san fhormáid A4 seo, foilseachán daite atá curtha in eagar ag Brian Gurrin, Kerby A. Miller agus Liam Kennedy, tuairisceáin pharóiste ó dhá shuirbhé náisiúnta reiligiúnacha a reáchtáladh in Éirinn i rith na 1760idí — suirbhé amháin déanta ag na bailitheoirí airgead teallaigh (1764–5) agus suirbhé eile déanta ag ministrí paróiste na hEaglaise Bunaithe (1766). Áirítear ann sonraí a bhaineann le breis is 1400 paróiste, agus eolas maidir le teaghlaigh i gcuid acu. Soláthraítear sna sonraí seo, atá eagraithe de réir rannán riaracháin agus ina gcuimsítear mapaí dáileacháin daite le haghaidh gach contae, saibhreas eolais dhéimeagrafaigh agus shóisialta faoi Éire ag deireadh an 18^ú haois. Tá na foinsí ar a bhfuil na sonraí seo bunaithe le fáil i dtaisclanna móra agus beaga ar fud na hÉireann agus is é seo an chéad uair riamh a bhfuil siad ar fad bailithe le chéile in aon imleabhar amháin. Soláthraíonn na meastacháin reiligiúnacha don tréimhse seo nasc idir na sonraí daonra a cuireadh ar fáil i suirbhé cáin chaipitíochta 1660 agus tuarascáil 1831–4 maidir le huimhreacha reiligiúnacha agus deasghnáth reiligiúnach. Lámhleabhar mórélímh a bheidh san eagrán seo a bheidh oiriúnach le léamh i dteannta le teidil IMC eile atá dírithe ar an daonáireamh agus ar sheachshonraí daonáirimh. Ainneoin gur clódh an teideal seo ag tús mhí Eanáir 2022, tá tagairt déanta dó anseo de bhrí go raibh go leor den obair a rinne IMC in 2021 bunaithe ar an teideal áirithe seo.

I rith 2021, bhí go leor eagrán eile beagnach críochnaithe agus ba cheart go mbeidís ar fáil, eagrán i ndiaidh a chéile, in 2022. Áirítear ina measc: na sé himleabhar fágtha de shraith *Depositions* 1641; an foilseachán cinniúnach, *Mapping Ireland c. 1550–1636: a catalogue of manuscript maps of Ireland*, curtha in eagar ag Annaleigh Margey; agus roinnt foilseachán eile lena n-áirítear *Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683–1687*, curtha in eagar ag James O'Shea agus dhá eagrán de *Analecta Hibernica*.

Seoltaí in 2021

Díreach cosúil le 2020, níor seoladh aon leabhar in 2021. I gcás IMC, ba é sin ceann de na tionchair ba shuntasá de na srianta a bhain le paidéim COVID-19. Glacann IMC leis ní hamháin gur deis é seoladh leabhair chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhoilsiú an eagrán agus chun buíochas a ghabháil leis an heagarthóirí as an obair atá déanta acu, ach deis chun aird a tharraingt ar a riachtanaí is atá sé foinsí príomhúla lámhscríbhinní a chur ar fáil a mbeadh sé deacair iad a rochtain ar shlí ar bith eile. Tá aird ar leith tarraingthe ar an bpointe seo le dhá bhliain anuas tráth a raibh rochtain ar leabharlanna agus ar chartlanna teoranta mar gheall ar shrianta sláinte poiblí. Táimid ag súil go mbeidh cuma níos fearr ar chúrsaí in 2022 agus tá sé beartaithe aginn foilsiú na n-eagrán ar fad a foilsíodh ó thús na paidéime a cheiliúradh.

Seirbhísí agus fógraíocht

Mar atá luaithe i dtuarascálacha bliantúla a foilsíodh roimhe seo, glacann oifig IMC le glaonna teileafóin agus le fiosrúcháin ríomhphoist ó dhaoine ar fud an domhain. Tá siad seo á mbainistiú faoi théarmaí ár gCairt Custaiméirí. Tá roinnt seirbhísí d'úsáideoirí á gcur ar fáil ar shuíomh gréasáin IMC: díolachán ar líne d'fhoilseacháin IMC; PDFanna in-íoslódáilte de shaothair dhigitithe IMC atá as cló; nuashonruithe nuachta maidir leis na foilseacháin is déanaí agus imeachtaí eile; áis chun tograí foilsitheoireachta a sheoladh ar aghaidh ar líne; cóip in-íoslódáilte de chatalóg foilseachán is déanaí IMC; agus tuarascálacha éagsúla lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéiseacha agus doiciméid bheartais.

I rith 2021, mhéadaigh IMC a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta agus tugadh méadú ar líon na leantóirí ar Twitter (3067 leantóir) agus YouTube (1429 amharc agus 46 síntiúsóir) faoi deara. Sna blianta amach

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

romhainn, tá súil ag IMC teagmháil a dhéanamh le pobail úsáideoirí nua trí na meáin shóisialta agus freagairt don éileamh ar bhealaí nua chun aird a tharraingt ar fhoilseacháin IMC agus an obair eile atá á déanamh ag an gCoimisiún i ndáil le caomhnú taifead.

Chruthaigh IMC fógraí a bhí le feiceáil i raon leathan foilseachán clóite i rith 2021. Leanadh leis an bhfógraíocht i ngach eagrán den irisleabhar staire mórélímh, *History Ireland*, agus i *Family Directory Fhondúireacht Staire Uladh (UHF)*. Mar gheall ar an bpaindéim, níor eagraigh UHF turas bóthair ghinealais chuig SAM áit a scaiptear fógrán A4 faoi acmhainní IMC atá ar fáil do staraithe teaghlaigh ag cruinnithe poiblí. Chomh maith leis sin, foilsíodh fógraí spriocdhírthe in eagrán de *Times Literary Supplement* (foilseacháin le déanaí agus Eoghan Mac Néill), *Irish Arts Review* (suíomh gréasáin agus seirbhísí IMC, *Act book of Coleraine*) agus *Senior Times* (suíomh gréasáin agus seirbhísí IMC). Tá na hasraonta meáin seo ag croí na poiblíochta a dhéantar ar fhoilseacháin IMC i measc na bpobal de staraithe, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh gairmiúla agus amaitéaracha. Comhpháirt thábhachtach í fógraíocht chloíte, mar aon le gníomhaíocht ar na meáin shóisialta, de phoiblíocht a dhéanamh ar fhoilseacháin IMC i measc spriocphobal seanbhunaithe agus nua in Éirinn agus thar lear.

‘Eagrán Dhigiteacha’ IMC

Tairgeann IMC raon acmhainní digiteacha trína shuíomh gréasáin, idir cóipeanna in-íoslódáilte d’eagrán IMC atá as cló agus bunachair sonraí inchoardaithe.

Go dtí seo, tá 57 eagrán as cló d’fhoinsí príomhúla curtha ar fáil (lena n-áirítear sraitheanna cosúil le *The Civil Survey*, *The Correspondence of Daniel O’Connell* agus *Calendar of Ormond Deeds*) ar líne trí sheirbhís Eagrán Dhigiteacha IMC. Tá siad ar fáil mar PDFanna in-íoslódáilte agus is féidir le daoine iad a stóráil ar a ríomhairí agus iad a úsáid as líne.

Áirítear i measc na bhfoinsí digiteacha eile bunachair sonraí inchoardaithe den 40,000 iontráil in eagrán 2012 de *The account books of the Franciscan House, Broad Lane in Cork, 1764–1921* curtha in eagar ag Clare Murphy agus Liam Kennedy. Tá neart sonraí socheacnamaíochta le fáil san fhoilseachán seo lena n-áirítear tagairtí do choinnle agus bileoga ceoil agus gallúnach agus siamsaíocht do bhailitheoirí sráide.

Soláthraítear cuardach simplí teideal doiciméid agus eagarthóirí agus dáta foilsithe le haghaidh gach eagrán de shraithfoilseachán IMC, *Analecta Hibernica*. Is féidir páipéir aonair a cheannach trí bhailiúchán na hÉireann ar JSTOR.

Glacann IMC leis gur gné lárnach dá shainchúram seirbhíse poiblí é a shaothair atá fós i gcló a dhigitíú chun rochtain ar na foinsí príomhúla lámhscríbhinne atá caomhnaithe aige i bhfoirm clóite a sholáthar agus chun aird a tharraingt ar na foinsí sin. Bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil, déanann IMC tréaniarracht úinéirí cearta an ábhair ar fad a úsáidtear sna hEagrán Dhigiteacha dá shuíomh gréasáin a aithint agus buíochas a ghabháil leo. Fáiltíonn IMC roimh úinéirí cearta a chreideann go mb’fhéidir nár aithníodh iad go cuí ar shuíomh gréasáin IMC, nó a chreideann nach bhfuil a gcóipcheart urramaithe go hiomlán, teagmháil a dhéanamh le IMC trí ríomhphost a sheoladh chuig support@irishmanuscripts.ie nó glaoch ar an uimhir +353 1 676 1610.

Tionscadal Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte

Taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a rinne an obair ar an tionscadal straitéiseach seo de chuid IMC faoi stiúir an Ollaimh Micheál Ó Siochrú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2015 agus cuireadh críoch leis an obair mí an Mhárta 2018. Mar thoradh ar an tionscadal seo soláthrófar bunachair sonraí inchoardaithe ar líne, mar aon le híomhánna digiteacha den lámhscríbhinn 20 imleabhar *Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte* (BSD) atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta (tacar *Quit Rent Office*). Soláthrófar an t-ábhar digitithe BSD trí ardán *Beyond 2022* áit a mbunófar tobar ór de shonraí laistigh den taisclann. Aistrefar na sonraí a bhaineann le logainmneacha agus ainmneacha pearsanta go sonraí oscailte nasctha ina soláthrófar na háiseanna is nua-aimseartha i gcomhtháthú sonraí agus a éascóidh forbairt caidreamh nua idir sonraí. Cuspóir fadtéarmach de chuid IMC é an fhoinsé luachmhar lámhscríbhinne seo a bhaineann

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

leis an 17^ú haois a chur ar fáil le léamh agus le cuardach ar líne nach gcomhlíonfar ach amháin nuair a bheidh stór taifead fíorúil *Beyond 2022* beo le haghaidh na n-imeachtaí comórtha céad bliain i Meitheamh 2022 tráth a ndéanfar comóradh ar scríos Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (PROI).

Ar aon dul lena shainchúram foinsí atá i gcló a chaomhnú, foilseoidh IMC eagrán clóite ina bhfuil roinnt imleabhar den téacs tras-scríofa de na himleabhair lámhscríbhinne.

Tionscadal ábhar tarrtháilte 1922

Reáchtáladh Céim I den tionscadal seo — measúnú caomhnaithe ar 378 beart d’ábhar a aimsíodh i ndiaidh scríosadh PROI in 1922 ach nár osclaíodh riamh — in 2017 agus 2018. I mí Aibreáin 2020, síníodh Meabhrán Tuisceana (MoU) foirmiúil idir IMC, NAI agus tionscadal *Beyond 2022* chun ceanglais do Chéim II den tionscadal seo a shoiléiriú — liostú cartlainne foirmiúil na n-ábhar tarrtháilte a measadh i rith Chéim I. Nuair a bheidh an obair seo curtha i gcrích, soláthróidh caomhnú agus liostú na n-ábhar seo gráid ábhar níos cobhsaí a mbeidh staraithe in ann tuilleadh taighde agus fiosrúcháin a bhunú orthu. I ndeireadh na dála, foilseoidh IMC catalóg de bhearta d’ábhar tarrtháilte nach raibh oscailte roimhe seo, i gcomhthéacs na n-ábhar ar fad a sábháladh 1922, chun tuilleadh airde a tharraingt ar an ábhar seo. Cuirfear an chatalóg ar fáil ar líne freisin.

I mí Eanáir 2021, ceapadh Cartlannaí Liostaithe — Ciara Fahey, Uasal — chun scrúdú agus liostú a dhéanamh ar na bearta tarrtháilte a raibh measúnú caomhnaithe thosaigh déanta orthu. Bhí an obair a chuir Ciara Fahey i gcrích i rith a conradh téarma sheasta á bainistiú ag ár gcomhpháirtithe atá ag obair in NAI agus ar an tionscadal *Beyond 2022* faoi théarmaí an MoU tríthaobhach. Ainneoin gur cuireadh tús leis an obair ar an 1 Aibreán, rinneadh formhór na hoibre ar líne trí úsáid a bhaint as íomhánna digiteacha a cruthaíodh i rith Chéim I den chuid is mó mar aon le tuarascálacha taighde agus tuarascálacha an Leas-Choimeádaí; ceadaíodh rochtain fhisiciúil ar bhonn páirtaimseartha i ndiaidh an 10 Bealtaine nuair a maolaíodh na srianta sláinte poiblí. Comhaontaíodh ar chaighdeán tuairisce agus cur chuige maidir le liostú le cabhair ó Zöe Reid agus Mary Mackey ó NAI.

Faoin tráth a raibh deireadh tagtha le conradh Ciara Fahey i mí na Samhna 2021, bhí 275 den 378 beart réamhliostaithe chuig leibhéal cnuasach aon fhoinsé lena n-áirítear dáta agus raon agus tuairiscí inneachair. Sainaithníodh agus rinneadh cur síos ar ocht gcatagóir dhifriúla taifead mar aon le catagóir d’ábhar anaithnid a raibh tuilleadh oibre le déanamh uirthi. Bhain na hábhair shábháilte leis an tréimhse idir an 16^ú haois agus an 20^ú haois agus tá míreanna lena mbaineann luach stairiúil ard sainaitheanta, go háirithe scannán páir scartha a bhain le Píobrolla ó Ré Eilíse. Tá spéis ar leith á cur sa phár seo de bhrí gur ceapadh roimhe seo gur scríosadh an bailiúchán iomlán de Phóibrollaí i dtine a tharla sa bhliain 1922. Faoi dheireadh na bliana bhí mionphlé ar bun maidir le tuilleadh obair a dhéanamh agus bhí pleananna á ndéanamh chun torthaí obair an Chartlannaí Liostaithe a áireamh in eagrán speisialta de *Analecta Hibernica* chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain d’imeachtaí ag PROI in 1922.

Eachtra cheannródaíoch i stair na hÉireann ba ea scríosadh an PROI in 1922. Scríosadh codanna suntasacha de thaifid na hÉireann agus bhí tionchar uafásach aige seo ar fad ar scríobh stair na hÉireann. Ar bhealach, is fianaise é rannpháirtíocht IMC sa tionscadal seo go bhfuil an roth casta go hiomlán, de bhrí gur spreag an eachtra thubaisteach seo bunú Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann in 1928.

Beyond 2022

Mar phríomhpháirtí sa tionscadal *Beyond 2022*, soláthraíonn IMC eagrán dhigiteacha agus chlóite a áireofar sna ‘bailiúcháin athsholáthair’ inchuadaithe nó a chuirfidh leis an mbonn eolais níos leithne sa chartlann fhíorúil.

In 2021 chuir IMC cóipeanna leictreonacha de bhreis is 60 alt agus iareagrán dá sraithfhoilseachán, *Analecta Hibernica*, ar fáil don tionscadal *Beyond 2022*. Mar chuir de bhailiúchán na hÉireann (ar fáil ar JSTOR) digitíodh an rith cló iomlán *Analecta Hibernica* in 2009 agus tá IMC buíoch de na foilsitheoirí

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

oideachais Ithaca as ceannach na cóipe den chartlann dhigiteach a éascú a chur ar chumas IMC doiciméid a roinnt, atá nasctha leis na bailiúcháin PROI roimh-1922, le *Beyond 2022*.

Féile Staire Bhaile Átha Cliath 2020

I ndiaidh páirt a ghlacadh i bhFéile Staire Bhaile Átha Cliath den chéad uair, eagraithe ag Leabharlann agus Cartlann Bhaile Átha Cliath, ghlac IMC páirt san fhéile arís in 2021 agus arís ar líne trí shraith físeán atá bunaithe ar an téama ‘Iarracht Shuntasach’: Seoda stair na hÉireann ó sheilfeanna Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann’.

Bhí an téama bunaithe ar shliocht as píosa cainte a thug an seanadóir Alice Stopford-Green uathí sa Seanad ar an 4 Meitheamh 1924. Le linn plé a dhéanamh ar thuarascáil a fhoilsíú maidir le lámhscríbhinní na hÉireann, mhol an staraí aitheanta don rialtas nua nach mór ‘iarracht shuntasach a dhéanamh ar stair a chur ar fáil dúinn agus an stair sin a chur ar fáil bunaithe ar eolas iomlán agus sásúil’. Ón mbliain 1928, is é sin go díreach atá á dhéanamh ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (IMC), tá foinsí uathúla, a bhí i bhfolach tráth, agus foinsí leochaileacha de stair an oileáin á fhoilsíú aige. Tá na scoláirí a chuireann na foilseacháin seo in eagar tiomanta do stair na hÉireann a insint agus don chaillteanas a rinneadh i ndiaidh scríosadh PROI in 1922 a dheisiú. Tá gach cineál doiciméad foilsithe ag IMC, a bhí anaithnid nó nár tugadh aon aird orthu roimhe seo, a bhuíochas le flaithiúlacht na nglúnta d’fhir agus de mhná a chuir spéis i stair na hÉireann. Áirítear ina measc taifid iontrála le haghaidh theach na mbocht, comhfhreagras príobháideach ban uasaicmeach, léarscáileanna agus filíocht. Chun an spéis seo sa stair a chothú, thug IMC cuireadh do staraithe agus do scoláirí eile labhairt faoin imleabhar IMC is fearr leo, an t-imleabhar a léann siad arís agus arís eile, an fhoinsé staire a úsáideann siad i gcónaí, a mhúnlaigh a dtuiscint ar am ar leith nó ócáid stairiúil.

Eagraíodh an rannpháirtíocht seo de réir trí théama agus cuireadh eolas ar fad uair amháin sa tseachtain i rith na féile: Iarracht shuntasach: an tsochaí agus cultúr (seacht bhfíseán a foilsíodh ar an 24 Meán Fómhair); Iarracht shuntasach: inscne agus stair shóisialta (dhá fhíseán a foilsíodh ar an 8 Deireadh Fómhair); agus Iarracht shuntasach: polaitíocht agus reiligiún (trí fhíseán a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair). Thug na foinsí éagsúla a roghnaigh na rannpháirtithe léargas cruinn ar éagsúlacht na bhfoinsí doiciméadacha a úsáideann staraithe chun léargas a thabhairt ar an mbealach ar mhair daoine agus ar an mbealach ar oibrigh an tsochaí san am a caitheadh. I gcás amháin, léirítear an *raison d’être* d’obair an Choimisiúin go soiléir nuair a chuir an tOllamh David Dickson in iúl, le linn dó a bheith ag trácht ar eagrán 1942 Edward MacLysaght de *The Kenmare Manuscripts* — foinsé riachtanach chun staidéar a dhéanamh ar an méid a tharla i Mumhain san 18^ú haois — nach bhfuil cuid de na doiciméid tras-scríofa san eagrán ar fáil níos mó.

Iarmhairt spéisiúil a bhain leis an bhFéile Staire a bheith á reáchtáil ar líne an tairbhe a baineadh as an bhformáid físeán, agus cuair foghlama spéisiúil a bhí ann agus tá sé beartaithe tuilleadh gearrscannán a fhorbairt le haghaidh foilseachán nua agus imeachtaí poiblí eile.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Soláthraíonn Judith O’Brien, Uasal, agus Sarah Storey, Uasal, cúnamh riaracháin ar bhonn conartha seirbhíse.

Luach saothair Fhoireann IMC

Ceanglaíonn tuairisciú airgeadais faoi láthair go liostaíonn muid an líon comhaltaí foirne buana a thuilleann níos mó ná €60,000 sa bhliain inár gcuntais. Tá na leibhéil tuarastail ar fad sonraithe thíos againn ar mhaithe le trédhearcacht.

I rith 2021, bhí fostaí amháin ag IMC atá fostaithe ar bhonn lánaimseartha, buan. Bhí an tuarastal seo reoite idir 2009 agus 2018 agus in Eanáir 2019 agus Eanáir 2020 méadaíodh an tuarastal seo de réir na méaduithe

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

a thuiriscigh an Banc Ceannais agus comhlachtaí eile. Chomh maith leis sin, d'fhostaigh IMC beirt ar bhonn conartha seirbhíse chun cúnamh riaracháin a chur ar fáil.

Maidir leis na tuarastail, seo a leanas an miondealú tuarastail le haghaidh 2021:

Tuarastal idir €60,000 - €70,000 sa bhliain: 1 duine
Tuarastal idir €50,000 - €60,000 sa bhliain: 0 duine
Tuarastal idir €40,000 - €50,000 sa bhliain: 1 duine*
Tuarastal idir €30,000 - €40,000 sa bhliain: 1 duine*
Tuarastal idir €20,000 - €30,000 sa bhliain: 0 duine
*bunaithe ar thuarastal bliantúil pro-rata comhionann le haghaidh fostaithe a bhfuil conradh seirbhíse acu

Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar folláine fostaithe na cuideachta a chosaint trí chloí le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Forchuireann reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceanglais áirithe ar fhostóirí agus tá gníomh riachtanach déanta ag an gcuideachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh, lena n-áirítear glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

COVID-19

I rith 2021, bhí sláinte agus sábháilteacht, i ndáil le COVID-19, fostaithe agus cuairteoirí chuig IMC, á mbainistiú bunaithe ar mholtaí a bhí le fáil i bPrótocal *Obair go Sábháilte* Rialtas na hÉireann. Nuashonraíodh an prótacal i rith na bliana chun léargas a thabhairt ar na gcomhairle sláinte poiblí is cothrom le dáta agus treisíodh bearta sláinte poiblí cosúil leis an ngá a bhí le scaradh sóisialta, maisc a chaitheamh agus aeráil cheart. I mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhpháirt lenár gcomhghleacaithe i gCartlann Ailtireachta na hÉireann, a bhfuil IMC ag roinnt cóiríochta léi ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean, ceannaíodh scagaire-hepa soghluaiste, grád leighis, le húsáid i rith cruinnithe agus nuair a bhí daoine ag bailiú le chéile san fhoirgneamh.

Airgeadas

Díreach cosúil leis na blianta roimhe seo, is mian le IMC aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas in 2021 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Gan an deontas a chuir an Roinn ar fáil, ní bheadh IMC in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Tacaíonn an maoiniú bliantúil seo le clár foilseachán IMC. Ainneoin go bhfuil an deontas bliantúil a fuarthas in 2021 cosúil leis an deontas a fuarthas roimhe seo, is den tábhacht é go mbeadh an leibhéal maoinithe seo ar fáil go leanúnach chun cur ar chumas IMC forbairt a dhéanamh agus na costais mhéadaitheacha a bhaineann lena shainchúram a chomhlíonadh a íoc.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Chomh maith leis sin, is mian le IMC buíochas a ghabháil le baill Aonad Institiúidí Cultúrtha na Roinne a rinne idirchaidreamh le IMC thar ceann na Roinne in 2021, an tUasal John Kennedy agus an tUasal Colm Lundberg go háirithe. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn chun sainchúram IMC mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla startha agus cultúr na hÉireann a chomhlíonadh agus seasamh IMC mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreacht cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí daonnachta a fhorbairt.

Rialachas

Cloíonn Stiúrthóirí/Baill IMC leis an treoir do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachta agus baill atá ar fáil sna leabhair faisnéise a chuireann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach i dtoll a chéile.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Déanann Bord IMC iarracht seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar agus cloíonn sé le dea-chleachtas rialachais mar atá sonraithe sa Chód Rialachais, cód cleachtais deonach do charthanachtaí.

Cruinnithe

In 2021, bhuail Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile sé huair, cúig huair mar stiúrthóir le haghaidh gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar bhaill don Chruinniú Cinn Bhliana (AGM). Reáchtáladh gach cruinniú agus an AGM ar líne trí úsáid a bhaint as an ardán cruinnithe fhíorúil, Zoom.

Iniúchadh Neamhspleách

Déantar iniúchadh neamhspleách ar IMC gach bliain. Ullmhaítear Ráitis Airgeadais trí úsáid a bhaint as creat tuairiscithe an Ráitis um Chleachtas Molta Carthanas chun trédhearcacht iomlán a chinntiú. Glacadh le Ráitis Airgeadais Iniúchta ag an AGM a reáchtáladh ar an 20 Márta 2021 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ina dhiaidh sin.

Comhaltacht

Ar an 29 Iúil, ceapadh seisear ball nua chuig an gCoimisiún i ndiaidh don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) comórtas oscailte a reáchtáil. Is iad sin: An Dr Robert Armstrong (TCD), an tOllamh Lindsey Earner-Byrne (UCC), an tOllamh Marie Coleman (QUB), an Dr Peter Crooks (TCD), an Dr Elaine Farrell (QUB) agus an Dr Niamh Howlin (UCD).

Dearbhuithe na hOifige um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Soláthraíonn gach ball de IMC dearbhuithe na hOifige um Chaighdeán in Oifigí Poiblí le haghaidh aon bhliain nó cuid d'aon bhliain a raibh siad ag feidhmiú ar bhord IMC. Coimeádtar na ráitis seo in oifig IMC agus tá siad ar fáil más mian leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí iad a iniúchadh.

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha i rith na bliana.

Teagmhais Iar-Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha a raibh tionchar acu ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí ag súil le haon athruithe suntasacha ar nádúr an ghnó.

Deonacháin Pholaitiúla

Níor thug an cuideachta aon deonacháin pholaitiúla i rith na bliana.

Taifid Chuntasáíochta

Is iad na bearta atá curtha i gcrích ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais Alt 281 - 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le taifid chuntasáíochta cuí á gcomhlíonadh, cur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta riachtanacha ar mhaithe le hidirbhearta a thairfeadh, pearsanra cuntasáíochta inniúil ag a bhfuil an saineolas cuí a fhostú, agus dóthain acmhainní a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá na taifid chuntasáíochta á gcoimeád ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas maidir le faisnéis iniúchta ábhartha

Dheimhnigh gach duine ar stiúrthóir é/i, tráth faofa na tuarascála Stiúrthóirí seo, an méid seo a leanas:

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

- bunaithe ar an méid atá ar eolas ag an stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil feicthe ag iniúcháirí na Cuideachta, agus
- tá gach céim ba cheart a bheith curtha i gcrích ag an stiúrthóir, i ról an stiúrthóra, curtha i gcrích ionas go bhfuil sé ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus lena bhunú go raibh iniúcháirí na Cuideachta airdeallach ar an bhfaisnéis sin.

Iniúcháirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill Limited, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach fanacht i mbun oifige.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty (Cathaoirleach)

Nicola Morris

Stiúrthóir

Stiúrthóir

Dáta: An 4 Márta 2022

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Barúil

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an 'Chuideachta') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, ina gcuimsítear an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha. Baineadh úsáid as creat tuairiscithe airgeadais nuair a bhí na ráitis á n-ullmhú a nglactar leis mar dhlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Seo a leanas ár mbarúil faoi na ráitis airgeadais tionlacain:

- tugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ag an 31 Nollaig 2021 agus ar a barrachas ag deireadh na bliana;
- tá siad ullmhaithe go cuí de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'; agus
- tá siad ullmhaithe go cuí de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

An bonn tuairime

Reáchtálar ar n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Tá tuilleadh cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa rannóg maidir le freagrachtaí an Iniúcháir as iniúchadh na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid ag feidhmiú neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eiticíúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn le haghaidh ár dtuairime a sholáthar.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

I ndiaidh dúinn na ráitis airgeadais a iniúchadh, chinneamar go bhfuil an úsáid a bhain na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantach chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteachtaí ábhartha sainaitheanta againn a bhaineann le teagmhais nó dálaí, ina n-aonar nó le chéile, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hamhras suntasach maidir le cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach le haghaidh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón uair a n-údaráítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna rannóga ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá curtha ar fáil sa Tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil na nIniúcháirí maidir leis sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas mar a chuirtear in iúl go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

bhfaisnéis sin.

Táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe i rith an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má shainaithnímid aon neamhréireanna ábhartha dá leithéid nó aon mhíshonruithe ábhartha dealraitheacha, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha déanta maidir leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go gcinnimid go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Tuairim faoi nithe eile forordaithe ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe díreach ar an obair a rinneadh i rith an iniúchta, tá an méid seo a leanas á thuairisciú againn:

- inár dtuairim, tá an fhaisnéis atá curtha ar fáil i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- inár dtuairim, ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlíthiúil infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.

Inár dtuairim, bhí taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach chun iniúchadh réidh agus cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus bhí na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe ar ceanglaíodh orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachta

Bunaithe ar an méid atá ar eolas againn agus ar ár dtuiscint ar an gCuideachta agus a timpeallacht i ndiaidh dúinn ár n-iniúchadh a dhéanamh, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Ceanglaíonn Acht na gCuideachtaí, 2014, orainn tuairisciú duit, más rud é, inár dtuairim, nach ndéantar na nochtuithe maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a cheanglaítear le halt 305 - 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí Stiúrthóirí ar leathanach 3, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léargas fíorchearnt iontu, agus le haghaidh rialú inmheánach dá leithéid a mheasann na stiúrthóirí atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu mar thoradh ar chiallois nó earráid.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is cuí, agus úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh mura bhfuil sé beartaithe ag an bhfoireann bhainistíochta an Chuideachta a leachtú nó stop a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha ann ach é sin a dhéanamh.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

Freagrachtaí an Iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, trí chéile, saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaóis nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a n-áirítear ár dtuairim inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Éire) míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt ó chalaóis nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-iomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cur síos ár an bhfreagrachtaí i ndáil leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag: <https://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards>. Is cuid dár dTuarascáil Iniúcháirí an cur síos sin.

Aidhm ár gcuid oibre iniúchta agus ár gcuid freagrachtaí

Is do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, a chuirtear an tuarascáil seo i dtoll a chéile, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta i gcrích ionas gur féidir linn na nithe sin nach mór dúinn a shonrú do bhaill na Cuideachta a shonrú i dTuarascáil Iniúcháirí agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid le ná ní thoirimid freagracht d'aon duine eile seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta, mar chomhlacht, dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, ná do na tuairimí atá bunaithe againn.

Elizabeth Murphy

le haghaidh agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

An 4 Márta 2022

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS
(LENA N-ÁIRÍTEAR IONCAM & CAITEACHAS)
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

		2021			2020		
		Cistí Srianata	Cistí Neamhshrianta	Cistí Iomlána	Cistí Srianata	Cistí Neamhshrianta	Cistí Iomlána
		€	€	€	€	€	€
Ioncam ó:							
Deontais mhaoinithe ioncaim	6	270,000	-	270,000	297,500	-	297,500
Gníomhaíochtaí eile		14,439	-	14,439	20,140	-	20,140
Gníomhaíochtaí carthanacha		-	-	-	-	-	-
Cíos neamhairgeadaíochta		38,763	-	38,763	39,748	-	39,748
Ilghnéitheach		-	-	-	-	-	-
Ioncam iomlán		323,202	-	323,202	357,388	-	357,388
Caiteachas ar:							
Costais Riaracháin		(62,138)	-	(62,138)	(66,895)	-	(66,895)
Costais Eagarthóireachta & Foilsitheoireachta		(80,071)	-	(80,071)	(59,957)	-	(59,957)
Costais Oifige		(31,300)	-	(31,300)	(29,981)	-	(29,981)
Tionscadail Speisialta		(4,783)	-	(4,783)	(78,095)	-	(78,095)
Costas díolachán		(36,943)	-	(36,943)	(57,513)	-	(57,513)
Táille cíosa neamhairgeadaíochta		(38,763)	-	(38,763)	(39,748)	-	(39,748)
Caiteachas iomlán		(253,998)	-	(253,998)	(332,189)	-	(332,189)
Ioncam/(caiteachas) oibriúcháin		69,204	-	69,204	25,199	-	25,199
Ús iníoctha		-	-	-	-	-	-
Ús tuillte		-	-	-	-	-	-
Glanioncam/(glanchaiteachas)		69,204	-	69,204	25,199	-	25,199
Aistriú idir cistí		-	-	-	-	-	-
Glanghluaiseacht cistí		69,204	-	69,204	25,199	-	25,199
Réiteach cistí:							
Cistí iomlána tugtha ar aghaidh		72,036	-	72,036	46,837	-	46,837
Ranníocaíocht chaipitil	13	154,831	-	154,831	154,831	-	154,831
Cistí iomlána tugtha ar aghaidh		296,072	-	296,072	226,867	-	226,867

Gach gníomhaíocht a bhaineann le hoibriúcháin leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 18-27.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

AN CLÁR COMHARDAITHE
AMHAIL AG AN 31 NOLLAIG 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	7	8,215	9,502
Sócmhainní inláimhsithe	8	3,059	3,781
		<u>11,274</u>	<u>13,283</u>
Sócmhainní reatha			
Stoic	9	4,021	11,520
Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	10	12,738	7,710
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	288,464	208,458
		<u>305,223</u>	<u>227,688</u>
Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	12	(20,425)	(14,104)
Glansócmhainní reatha		<u>284,798</u>	<u>213,584</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		<u>296,072</u>	<u>226,867</u>
Glansócmhainní		<u>296,072</u>	<u>226,867</u>
Caipiteal agus cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		141,241	72,036
Cistí na mball		<u>296,072</u>	<u>226,867</u>

D'fhaomh agus d'údaraigh an bord eisiúint na ráiteas airgeadais:

John McCafferty (Cathaoirleach)

Nicola Morris

Stiúrthóir

Stiúrthóir

Dáta: An 4 Márta 2022

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 18-27.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

	2021 €	2020 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas don bhliain airgeadais	69,204	25,199
Coigeartuithe le haghaidh:		
Amúchadh ó shócmhainní doláimhsithe	1,287	1,287
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	2,717	2,817
Laghdú ar stoc	7,499	4,821
Méadú/(laghdú) ar fhéichiúnaithe	(5,027)	6,194
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe	6,321	(6,463)
Airgead glan ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	82,001	33,855
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe	-	(2,450)
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe	(1,995)	(1,878)
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(1,995)	(4,328)
Glanmhéadú in airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim	80,006	29,527
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	208,458	178,931
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana	288,464	208,458
Cuimsítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana:		
Airgead sa bhanc agus ar láimh	288,464	208,458
	288,464	208,458

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanach 18-27.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

1. Faisnéis Ghinearálta

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara arb ionann iad agus ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, atá ionchorpraithe i bPoblacht na hÉireann. Ionchorpraíodh an chuideachta in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is é 414351 uimhir chláráithe na cuideachta agus tá an oifig chláráithe lonnaithe ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá nádúr oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí sonraithe i dTuarascáil an Stiúrthóra.

2. Polasaithe cuntasáíochta

2.1 Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus i Reacht na hÉireann ina gcuimsítear Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta faoi dhlí cuideachta na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is carthanas cláráithe é agus tá glactha aige le agus tá tuairisciú déanta aige ar a fheidhmíocht de réir na formáide a foráiltear di sa Ráiteas um Chleachtas Molta Carthanas agus i dtuarascálacha áirithe maidir lena fheidhmíocht don bhliain airgeadais i bhformáid Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) an Ráitis um Chleachtas Molta Carthanas.

Tá éifeacht dlí le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ón 1 Meitheamh 2015 agus ón dáta sin tá formáid agus ábhar cheanglais na ráiteas airgeadais oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a bhall i gcuideachta ar eagraíocht sheachbhrabúsach í. D'fhonn faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun ceannaireacht na stiúrthóirí agus feidhmíocht staid airgeadais an charthanas a thuiscint, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann na ráitis airgeadais de réir na bhformáidí a bhforáiltear dóibh sa Ráiteas um Chleachtas Molta Carthanas (FRS 102).

Síleann na stiúrthóirí gurb é glacadh le ceanglais an Ráitis um Chleachtas Molta Carthanas an modh cuntasáíochta is oiriúnaí chun léargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun na gníomhaíochtaí sin a nochtadh. Dá mbeadh formáid agus ábhar cheanglais ráiteas airgeadais Acht na gCuideachtaí do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a bhall úsáidte ina ionad sin, bheadh cuntas brabúis agus cailleanais le nótaí gaolmhara ar a dtaispeántar míreanna cosúil le Láimhdeachas agus Costas Díolachán tuairiscithe i dteannta le "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Tá na príomhbheartais chuntasáíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm:

2.2 Ioncam

Sonraítear ioncam glan ar lascaíní trádála agus lacáistí imleabhair agus díorthaítear é ó dhíol leabhar a chuimsítear laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ar dhíol leabhar nuair atá rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireacht na n-earraí aistrithe, a tharlaíonn go minic nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil don cheannaitheoir.

2.3 Pinsin

Plean pinsin le ranníocaíocht shainithe

Tá plean le ranníocaíocht shainithe bunaithe ag an gCuideachta dá fostaithe. Is plean pinsin é plean le ranníocaíocht

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

shainithe a chiallaíonn go n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leithligh. Nuair a bhíonn na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta eile le comhlíonadh ag an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas sa chuntas brabúis nó cailteanais nuair a bhíonn siad dlite. Taispeántar méideanna nach n-íoctar i dteannta le fabhruithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean ar leithligh ón gCuideachta i gcistí atá á riar go neamhspleách.

2.4 Ainm na Cuideachta

Tugadh cead don chuideachta faoi Alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, na focail 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a fhágáil ar lár óna hainm.

2.5 Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe ag costas. I ndiaidh aitheantais, faoin múnla costais, tomhaistear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin carntha.

Meastar go bhfuil saolré ionchais chríochna ag gach sócmhainn dholáimhsithe.

Soláthraítear amúchadh de réir na mbonn seo a leanas:

Costais forbartha suímh gréasáin - 10%

2.6 Sócmhainní seasta inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin múnla costais ag costas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin carntha. Áirítear i gcostas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an bhail atá riachtanach ionas go mbeifear in an tsócmhainn a oibriú ar an tslí a bhí beartaithe ag an bhfoireann bhainistíochta.

Muirearaítear dímheas ionas gur féidir costas na sócmhainní lúide a luach iarmharach a leithdháileadh thar a shaolré ionchais mheasta, trí úsáid a bhaint as modh an mhéid chothroim.

Soláthraítear dímheas ar an mbonn seo a leanas:

Daingneáin agus feistis - 20%

Athbhreithnítear luachanna iarmharacha, saolré ionchais agus modhanna dímheasa sócmhainní, agus coigeartaítear iad go hionchasach más cuí, nó má tá fianaise ann gur tharla athrú suntasach ón dáta tuairiscithe dheiridh.

Cinntear gnóthachain agus cailteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáлтаis agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa chuntas brabúis nó cailteanais.

2.7 Féichiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas idirbhirt, lúide aon bhearnúchán. Tomhaistear iasachtaí infhála ag luach cóir ar dtús, glan ar chostais idirbhirt, agus ina dhiaidh sin tomhaistear iad ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis ghlain, lúide aon bhearnúchán.

2.8 Stoc

Luaitear luach stoc leabhar ag luach costais níos ísle agus glanluach inréadaithe. De bhrí go bhfuil díolachán imleabhar leabhar foilsithe ag an leibhéal is airde sa chéad dhá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain de dheireadh na bliana le cur

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

san áireamh sa luach stoic. Tá an chuid eile den stoc leabhar curtha san áireamh mar stoc mallghluaiseachta nó stoc seanchaite.

2.9 Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Léirítear airgead tirim mar airgead ar láimh agus taiscí le hinstiúidí airgeadais atá inaisíochta gan pionós má thugtar fógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is infheistíochtaí leachtacha iad coibhéisí airgid a aibíonn i dtréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta éadála agus atá inmhálartaithe go méideanna airgid atá ar eolas lena mbaineann riosca neamhshuntasach d'athrú luacha.

Sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid glan ar rótharraingtí bainc atá inaisíochta ar éileamh agus ar gné lárnach de mhodh bainistíochta airgid na Cuideachta iad.

2.10 Creidiúnaithe

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear dliteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, ag luach cóir ar dtús, glan ar chostais idirbhirt, agus ina dhiaidh sin tomhaistear iad ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis ghlain.

2.11 Seirbhísí Cíos

Tá an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean in úsáid ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. De bhrí gur seirbhís bhronnta ar an gcuideachta í seo síleann na stiúrthóirí gur gá an tseirbhís bhronnta a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá táille chíosa chomhfhreagraigh curtha san áireamh acu sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin. Gearrtar an cíos ag luach margaidh an mhargaidh chíosa i mBaile Átha Cliath 2 do réadmhaoin den mhéid céanna.

2.12 Cánachas

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanachta, uimhir charthanais 20063559 (Uimhir CHY: 17206).

2.13 Deontais Rialtais

Aithnítear deontais tríd an múnla feidhmíochta a úsáid sa chás go bhfuil dearbhú réasúnach go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad atá luaite leis. Cuirtear deontais do chaiteachas caipitiúil san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré ionchais na sócmhainní. Cuirtear deontais do chaiteachas ioncaim san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

2.14 Ionstraimí airgeadais

Ní ghlacann an Chuideachta páirt ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a mbíonn aitheantas sócmhainní agus dliteanas airgeadais dá mbarr cosúil le trádáil agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó bhainc agus tríú páirtithe eile, iasachtaí chuig páirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna.

Tomhaistear ionstraimí fiachais (seachas na hionstraimí sin atá inaisíochta nó infhála go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais inaisíochta nó infhála eile, ag luach láithreach na sreafaí airgid todhcháiocha ar dtús agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as an modh úis ghlain. Tá ionstraimí

fiachais iníochta nó infhála laistigh de bhliain amháin, go háirithe féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála, á dtomhas, ar dtús agus ina dhiaidh sin, ag méid neamhslascaithe an airgid thirim nó comaoin eile a mheastar a íocfar nó a fhaighfear. Más ionann socruithe ionstraim gearrthéarmach agus idirbheart airgeadais, áfach, cosúil

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

le fiachas trádála a íoc atá iarchurtha thar ghnáth-théarmaí gnó nó sa chás gur iasacht ghearrthéarmach glan amach atá ann nach bhfuil ag luach margaidh, tomhaistear an tsócmhainn nó dliteanas airgeadais, ag luach láithreach na sreafaí airgid thodhchaíocha ar dtús lascaínte ag ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais chosúil agus ag costas amúchta ina dhiaidh sin, mura gcáilíonn sé mar iasacht ó stiúrthóir sa chás gur cuideachta bheag atá ann, nó iasacht lamháltais d'eintiteas leasa phoiblí.

Meastar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas agus costas amúchta ag deireadh gach tréimhe tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Chomh fada is a bhaineann le costais airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta, tomhaistear an cailteanas bearnúcháin mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach láithreach na sreafaí airgid mheasta lascaínte ag ráta úis ghlain bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta úis athraithe luaite le sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaínte chun aon chailteanas bearnúcháin a thomhas an ráta úis ghlain reatha a chinntear faoin gconradh.

Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas lúide bearnúchán, tomhaistear an cailteanas bearnúcháin mar an difríocht idir suim ghlanluacha agus an meastachán is fearr maidir leis an méid in-aisghabhála, arb ionann é agus neasúchán den mhéid a bhfaigheadh an Chuideachta don tsócmhainn dá ndíolfaí an tsócmhainn ag dáta an chláir chomhardaithe.

3. Breithiúnais a bhaineann le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin

Glacann na stiúrthóirí leis na meastacháin agus foshuíomhanna cuntasaíochta thíos mar na meastacháin agus foshuíomhanna cuntasaíochta atá in úsáid acu féin:

Gnóthas Leantach: Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist mura mbeadh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoic: Luaitear luach le stoic leabhar ag luach costais níos ísle agus glanluach inréadaithe. De bhrí go bhfuil díolachán imleabhar leabhar foilsithe ag an ráta is airde sa chéad dhá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain de dheireadh na bliana le cur san áireamh sa luach stoic. Tá an chuid eile den stoc leabhar curtha san áireamh mar stoc mallghluaiseachta nó stoc seanchaite.

Tabhartais na Seirbhíse Cíos: Sonraítear tabhartas úsáid an fhoirgnimh ag luach margaidh réadmhaoin den chineál céanna a ligean ar cíos sa cheantar céanna.

Sócmhainní Seasta Doláimhsithe: Glactar le 10 mbliana mar mheastachán ar shaolré ionchais Sócmhainní Seasta Doláimhsithe.

4 Luach saothair na n-iniúcháirí

	2021	2020
	€	€
Táillí iníochta leis an iniúchóir	<u>3,875</u>	<u>3,875</u>

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

5. Fostaithe

Seo a leanas na costais foirne:

	2021	<i>2020</i>
	€	€
Pánna agus tuarastail (lena n-áirítear conarthaí seirbhíse)	91,603	<i>81,632</i>
Costais árachais shóisialta	9,932	<i>3,446</i>
Costas na scéime ranníocaíochta sainithe	6,360	<i>6,360</i>
	107,895	<i>91,438</i>

Seo a leanas an meánlíon míosúil fostaithe a bhí ann i rith na bliana:

	2021	<i>2020</i>
	Líon	Líon
Fostaithe	1	<i>1</i>

Tá 1 bhall foirne lánaimseartha bhuan ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus tá beirt fostaithe ar chonradh ar bhonn seirbhíse chun cúnaimh riaracháin a sholáthar.

6. Deontas na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Tá ioncam iomlán na cuideachta don bhliain díorthaithe ón bpríomhghníomhacht atá á cur i gcrích ag an gcuideachta go hiomlán in Éirinn.

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais rialtais a aisíoc a fhaightear mura n-úsáidtear an deontas chun na críche a fuarthas é.

	2021	<i>2020</i>
	€	€
Deontas Bliantúil	270,000	<i>235,000</i>
Cistí Cobhsaithe Gnó D/CHG	-	<i>62,500</i>
	270,000	<i>297,500</i>

7. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí ríomhaireacht a €
Costas	
Ag an 1 Eanáir 2021	12,874
Ag an 31 Nollaig 2021	12,874

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

Amúchadh	
Ag an 1 Eanáir 2021	3,372
Muirear don bhliain ar sócmhainní faoi úinéireacht	1,287
Ag an 31 Nollaig 2021	<u>4,659</u>
Glanluach de réir na leabhar	
Ag an 31 Nollaig 2021	8,2 <u>15</u>
<i>Ag an 31 Nollaig 2020</i>	<u>9,5</u> <u>02</u>
8. Sócmhainní seasta inláimhsithe	
	Daingneáin agus feistis €
Costas nó luacháil	
Ag an 1 Eanáir 2021	59,001
Breiseanna	<u>1,995</u>
Ag an 31 Nollaig 2021	<u>60,996</u>
Dímheas	
Ag an 1 Eanáir 2021	55,220
Muirear don bhliain ar sócmhainní faoi úinéireacht	<u>2,717</u>
Ag an 31 Nollaig 2021	<u>57,937</u>
Glanluach de réir na leabhar	
Ag an 31 Nollaig 2021	<u>3,059</u>
Ag an 31 Nollaig 2020	<u>3,781</u>

Ionchorpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile don chuideachta mar bhronntanas, bronntanas a raibh luach measta de €48,710 luaite leis. Aithnítear na sócmhainní seo sna breiseanna thuas ag luach ainmniúil de €1.

9. Stoic		
	2021	2020
	€	€
Stoc Leabhar	<u>4,021</u>	<u>11,520</u>

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

10. Féichiúnaithe

	2021	2020
	€	€
Méideanna Infhála	3,237	5,284
Féichiúnaithe eile	1,300	-
Réamhíocaíochtaí	8,201	2,426
	<u>12,738</u>	<u>7,710</u>

11. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

	2021	2020
	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	288,46	208,45
	<u>4</u>	<u>8</u>

12. Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2021	2020
	€	€
Cánachas agus árachas sóisialta	8,591	6,413
Creidiúnaithe eile	-	252
Fabhruithe	11,834	7,439
	<u>20,425</u>	<u>14,104</u>

13. Ranníocaíocht Chaipitil

Ionchorpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann €130,731 agus stoc leabhar ar fiú €24,100 é don chuideachta mar bhronntanas. Tugadh troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas freisin agus tá siad sin curtha san áireamh sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil de €1. Ciallaíonn sé sin go raibh an ranníocaíocht chaipitil iomlán cothrom le €154,831.

14. Costais phinsin

Bhí costais phinsin cothrom le €6,360 (2020: €6,360).

15. Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021.

16. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Cúitítear stiúrtóirí le haghaidh aon speansais taistil agus chothabhála a thabhaítear le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích. I rith na bliana dar críoch 2021, bhí na speansais iomlána a aisíocadh cothrom le €Nil (2020: €784).

Tá comhaontú idir an chuideachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos iníoctha chun an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102 tá luach margaidh de €41,763, lúide speansais de €3,000 sainaitheanta i ráitis airgeadais 2021 (2020: €39,478,) mar sheirbhís bhronnta neamh-mhalartaithe.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**SCEIDEAL LEIS NA CUNTAIS MHIONSONRAITHE
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

17. Teagmhais iar-chláir Comhardaithe

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha a raibh tionchar acu ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí ag súil le haon athruithe suntasacha ar nádúr an ghnó.

18. Páirtí rialúcháin

Tá an chuideachta á rialú ag a Baill agus ag an mBord Stiúrthóirí.

19. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais lena n-eisiúint ar an 4 Márta 2022